



Rewarding Learning

**General Certificate of Secondary Education
2014**

Irish

Unit 3: Listening

Foundation Tier

[GIR31]

WEDNESDAY 4 JUNE, MORNING

TRANSCRIPT

Each piece heard twice unless otherwise stated on transcript

Audio “beep” to precede each question

Five second pauses unless otherwise stated on transcript

Read each question carefully. Complete your answer by listening to the recording and follow the instructions given in the question paper. You will hear each section twice.

1 Fionn tells you about his hobbies.

M – Dia daoibh. Fionn an t-ainm atá orm. Imrím peil le mo chairde ar scoil agus imrím leadóg gach Satharn.

2 Ruairí talks about his pets.

F – A Ruairí, an bhfuil peata agat?

M – Tá. Tá cat agus madadh agam ach is fearr liom an madadh.

Pause

F – Cad chuige?

M – Is maith liom dul amach ag siúl le mo mhadadh.

Pause

F – An bhfuil do pheata cairdiúil?

M – Níl. Tá sé iontach crosta.

3 You hear some conversations.

M – Breithlá sona duit, a Áine. Cén aois thú inniu?

F1 – Tá mé ceithre bliana déag d'aois inniu.

Pause

- M* – A Úna, ádh mór ort sa scrúdú.
- F2* – Go raibh maith agat. Tá mé iontach neirbhíseach.
- M* – Ná bí neirbhíseach. Tá tusa cliste.

Pause

- M* – Maith thú, a Eilís. Rith tú go gasta sa rás.
- F3* – Go raibh maith agat. Is maith liom reathaíocht.

4 Róisín talks about her Friday night.

- M* – A Róisín, cad é a rinne tú oíche Aoine?
- F* – Chuaigh mé chuig an phictiúrlann sa bhaile mhór.
- M* – Cad é mar a bhí an scannán?
- F* – Bhí sé iontach greannmhar.

Pause

- M* – An ndeachaigh tú le do chairde?
- F* – Ní dheachaigh. Chuaigh mé le mo dheirfiúr óg.

Pause

- M* – An ndeachaigh tú áit ar bith eile ina dhiaidh sin?
- F* – Chuaigh mé chuig caife agus fuair mé sceallóga.

5 Pól talks about his new accommodation.

- F* – Dia duit, a Phóil. Chuala mé nach bhfuil tú i do chónaí le do thuismitheoirí anois.
- M* – Níl mé. Tá mé i mo chónaí in árasán beag.

Pause

F – An bhfuil tú i do chónaí leat féin, mar sin?

M – Níl. Tá beirt chairde ina gcónaí liom.

Pause

F – Ach an bhfuil tú i do chónaí sa cheantar seo go fóill?

M – Tá. Is maith liom an ceantar seo. Tá an t-árasán suite cúig bhomaite ón ollscoil. Buail isteach am éigin.

6 You hear an announcement in a school.

F – Dia daoibh ar maidin.
Seo fógra iontach tábhachtach.
Beidh cigire ag teacht isteach sa scoil Dé Luain.

Pause

Ná bígí mall mar beidh an cigire ag dul isteach sna ranganna.
Bígí in am do gach rang.

7 You hear conversations in a restaurant .

F – Dia duit, a dhuine uasail. An dtig liom cuidiú leat?

M – Dia's Muire duit. Ba mhaith liom an biachlár a fheiceáil, le do thoil.

F – Cinnte. Seo duit.

M – Go raibh maith agat.

Pause

M – Gabh mo leithscéal. Níl gloine agam.

F – Bomaite amháin, le do thoil. Gheobhaidh mé ceann duit.

Pause

- F* – An mbeidh tae nó caife agat?
- M* – Ní bheidh, go raibh maith agat.
- F* – Maith go leor. Ar mhaith leat an bille mar sin?
- M* – Ba mhaith, le do thoil.

8 Two friends talk about household chores.

- M* – Is mise Pól. Tá mé falsa. Ní maith liom obair tí a dhéanamh ar chor ar bith ach bíonn mo mhamaí amuigh ag obair agus bíonn sí tuirseach. Cuidím léi ag an deireadh seachtaine. Ním na soithí.

Pause

- F* – Is mise Ciara. Is maith liom cuidiú sa teach. Is fearr liom cócaireacht a dhéanamh. Déanaim réidh an dinnéar go minic agus uaireanta déanaim réidh an lón chomh maith.

9 You hear a conversation in a shop.

- F* – Dia duit. An dtig liom cuidiú leat?
- M* – Thig. Cheannaigh mé an t-léine seo agus níl mé sásta ar chor ar bith.

Pause

- F* – Cad chuige nach bhfuil tú sásta?
- M* – Nuair a chuir mé orm í chonaic mé an poll beag seo.
- F* – Tá brón orm faoi sin.

Pause

- F* – Cá mhéad a thug tú ar an t-léine?
- M* – Ceithre phunt déag agus caoga pingin.
- F* – Seo duit. Ceithre phunt déag agus caoga pingin.

10 You hear an interview after a match.

F – Maith thú, a Sheáin. Ar thaitin an cluiche leat?

M – Thaitin sé go mór liom. Tá áthas an domhain orm bheith ag imirt don chontae.

Pause

F – Cad é a dúirt an captaen libh i ndiaidh an chluiche?

M – Dúirt sé gur imir gach duine go maith agus go raibh sé sásta mar gur bhain muid an cluiche inniu.

Pause

F – Ní raibh difear mór idir an dá fhoireann. Agus an scór-náid a sé in éadan náid a cúig.

M – Tá a fhios agam. Bhí an t-ádh linn inniu.

Pause

F – Ar mhaith leat rud ar bith eile a rá?

M – Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na daoine uilig a tháinig chuig an chluiche inniu. Bhí an t-atmaisféar ar fheabhas.

11 You hear the Irish teacher talking to his pupils.

M – Le Seachtain na Gaeilge a cheiliúradh beidh Tráth na gCeist ann do na scoláirí i mbliain a dó dhéag.

Pause

F – Cá háit a mbeidh sé ar siúl?

M – Beidh sé i halla na scoile.

F – Cá huair?

M – Beidh sé ag am lóin amárach.

Pause

M – Beidh triúr ar gach foireann. Tá foirmeacha ar fáil san oifig. Má tá tuilleadh eolais de dhíth labhair leis an rúnaí roimh a dó a chlog inniu.

Pause

M – Ná déanaigí dearmad go mbeidh ceolchoirm sa bhaile mhór anocht ar a naoi a chlog le Seachtain na Gaeilge a cheiliúradh sa phobal.

12 You hear friends talking about work.

M – Cad é mar atá tú, a Aoife?

F – Tá mé ceart go leor.

M – Chuala mé go bhfuair tú post.

F – Fuair mé post páirtaimseartha cúpla seachtain ó shin.

M – Cá bhfuil tú ag obair?

F – Tá mé ag obair sa chaife Idirlín.

Pause

M – Cad é a dhéanann tú sa chaife?

F – Is freastalaí mé.

Pause

M – An maith leat an obair?

F – Ní maith. Sílim go bhfuil an obair leadránach ach tá an t-airgead de dhíth orm.

Pause

M – Cá mhéad lá a bhíonn tú ag obair?

F – Bíim ag obair lá amháin i rith na seachtaine agus dhá lá eile ag an deireadh seachtaine.

M – Tá sin iontach trom.

13 Peadar talks about his trip to Dublin.

- F* – A Pheadair, ar thaitin an turas go Baile Átha Cliath leat?
- M* – Thaitin, cinnte. Tá an-spéis agam sa stair agus thug mise agus mo chara cuairt ar Ardoifig an Phoist i Sráid Uí Chonaill.
- F* – Cad é eile a rinne sibh?
- M* – Chuaigh muid go Caisleán Bhaile Átha Cliath agus chuig an Iarsmalann Náisiúnta.
- F* – Go maith. Agus cad é mar a chuaigh sibh go Baile Átha Cliath?
- M* – Chuaigh muid leis an traein mar an Chéadaoin a bhí ann agus bíonn praghas speisialta ar thicéad fillte ar an lá sin.

Pause

- M* – D'fhág muid Béal Feirste ar a seacht a chlog ar maidin agus bhí muid i lár Bhaile Átha Cliath ar deich i ndiaidh a naoi. Ní raibh an turas compordach ar chor ar bith. Bhí fadhb leis an teas agus mar sin bhí an traein iontach fuar. Nuair a tháinig muid isteach sa stáisiún i mBaile Átha Cliath chuaigh mé féin agus paisinéir amháin eile chuig an oifig agus rinne muid gearán.

This is the end of the recording.